

THE **Big** ACTIVE
Barnardos



Measúnú Ranga



Measúnú Ranga Big Active

Cuideoidh réamh-mheasúnú agus iar-mheasúnú ar do rang lena fáil amach cá bhfuil na daltaí agus iad ag tosú ar an gclár Big Active, agus cá mbraitheann siad go bhfuil siad tar éis gach ceann de na gníomhaíochtaí a dhéanamh.

Cuideoidh an measúnú seo leat na leibhéil inní agus na leibhéil rannpháirtíochta i spóirt i do rang a thuiscint. Féadfaidh tú teacht ar ais chucu seo ag pointe ar bith i rith na bliana chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag daltaí. Seo roinnt ceisteanna measúnaithe is féidir leat a chur in oiriúint do do rang féin.

Réamhghníomhaíocht

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh tú le 12 mhí anuas?
- An ndéanfá cur síos ort féin mar dhuine sona agus muiníneach?
- Cé chomh minic a ghlacann tú páirt i ngníomhaíochtaí coirp?
- Cad iad na gníomhaíochtaí is mó a thaitníonn leat?
- Tá do rang ag glacadh páirt in Big Active Barnardos anois. Cé na mianta atá agat do do rang?
- Céard ba mhaith leat a fhoghlaim uaidh duit féin?
- Déan cur síos ar a dtuigeann tú faoin téarma 'folláine'.
- An bhfuil tú muiníneach ag caint faoi do chuid mothúchán le do chairde nó sa rang?
- Conas a bhraitheann tú nuair a chabhraíonn tú le daoine eile?
- Céard atá ar eolas agat faoi Barnardos agus an obair a dhéanann siad?

Iarghníomhaíocht

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar d'eispéireas ar Big Active?
- Conas a bhraitheann tú go bhfuil tú in ann déileáil le hobair scoile, sa bhaile, agus le cairde anois?
- Ainmnigh dhá láidreacht a d'aimsigh tú fút féin.
- Trí pháirt a ghlacadh anseo, ar chabhraigh sé le d'fhéinmhuinín a neartú?
- An ndéarfá go bhfuil tú níos gníomhaí go fisiciúil ó ghlac tú páirt?
- Ar chuidigh do dhúshlán fisiciúil leat do chorp a láidriú?
- Cé na mianta do do rang a baineadh amach trí pháirt a ghlacadh in Big Active?
- Cad iad an chuid ab fhearr agus an chuid ba dhúshlánaí den Big Active?
- Déan cur síos ar an rud ba mhó a chuir bród ort.
- Ainmnigh trí rud a leanfaidh tú leo chun d'fholláine a chosaint?
- Ar chuidigh do dhialann phearsanta leat machnamh a dhéanamh ar do chuid mothúchán?
- An ndéarfá go bhfuil tú níos muiníní ag caint faoi do chuid mothúchán le do chairde nó le do rang?

